(21) Ba cheart go bhforálfaí do bhearta iomchuí coimirce i gcás ina dtitfeadh méid an stoic éisc faoi bhun na leibhéal sin. Ba cheart a áireamh sna bearta coimirce laghdú ar dheiseanna iascaireachta agus bearta caomhnaithe sonracha nuair is den riachtanas, de réir comhairle eolaíoch, bearta ceartaitheacha. Ba cheart na bearta sin a fhorlíonadh le gach beart iomchuí eile, amhail bearta de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó bearta de chuid na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán sin.

(22) I gcás ghliomach na hIorua, ba cheart go bhféadfaí TAC sna ceithre limistéar bainistíochta ar leith a shocrú de réir líon na dteorainneacha gabhála sin a bunaíodh i gcás gach aonaid fheidhmiúil agus de réir na ndronuilleog staidrimh atá lasmuigh d'aonaid fheidhmiúla gach limistéir bainistíochta. Ach, leis sin, níor cheart go gcuirfí cosc leis sin ar bhearta a ghlacadh chun aonaid fheidhmiúla áirithe a chosaint.

(23) Chun cur chuige réigiúnach a chur i bhfeidhm i dtaca le hacmhainní bitheolaíocha muirí a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht bearta teicniúla a dhéanamh in Uiscí an Iarthair maidir le gach stoc éisc.

(24) Léiríodh go raibh an córas um theorannú iarrachta le haghaidh sól i Muir nIocht Thiar ina uirlis éifeachtach bhainistíochta lean gcomhlánaítear socrú na ndeiseanna iascaireachta. Dá bhrí sin, ba cheart teorannú iarrachta den sórt sin a choinneáil faoi chuimsiú an phlean.

– i Meánna Árann (AF 17);

– i Muir Éireann (AF 19);

– sa Mhuir Cheilteach (AF 20–21);

– i gCaolas Bhriostó (AF 22);

– lasmuigh de na haonaid fheidhmiúla (an Mhuir Cheilteach Thiar Theas, Siar ó dheas d'Éirinn);

(24) gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) de réir aonad feidhmiúil i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e CITM:

– i mBá na Bioscáine Thuaidh agus Láir (AF 23-24);

(25) gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) de réir aonad feidhmiúil i bhfolimistéir CITM 9 agus 10, agus i limistéir CECAF 34.1.1:

– in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh Thoir, sa Ghailís Thiar agus sa Phortaingéil Thuaidh (AF 26-27);

– in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh Thoir agus in Iardheisceart agus Deisceart na Portaingéile (AF 28-29);

– in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh Thoir agus i Murascaill Cádiz (AF 30);

*Airteagal 6*

*Teorannú ar éagsúlachtaí ar dheiseanna iascaireachta le haghaidh stoic*

Ba cheart go mbeadh Comhairle Chomhairleach ábhartha in ann cur chuige bainistíochta a mholadh don Choimisiún, ar cur chuige é a fhéachann le teorainn a chur leis na héagsúlachtaí ó bhliain go bliain ar na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoc ar leith a liostaítear in Airteagal 1(1).

Ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann na moltaí sin a chur san áireamh agus deiseanna iascaireachta á socrú aici ar choinníoll go gcomhlíonann na deiseanna iascaireachta seo na forálacha a leagtar amach in Airteagail 4 agus 8.

# CAIBIDIL IV
# COIMIRCÍ

*Airteagal 7*

*Pointí tagartha caomhnaithe*

Bunaithe ar an bplean, iarrfar na pointí tagartha caomhnaithe seo a leanas go háirithe ar CITM, nó ar chomhlacht eolaíoch neamhspleách comhchosúil atá aitheanta ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, chun acmhainn iomlán atáirgthe na stoc éisc dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chosaint:

(a) UTI Btruicear do na stoic dá dtagraítear in Airteagal 1(1);

3. I gcás inarb iomchuí, glacfaidh na Ballstáit na bearta comhréireacha is gá chun faireachán a dhéanamh ar shonraí agus iad a bhailiú ionas gur féidir meastachán iontaofa a sholáthar maidir leis na leibhéil ghabhálacha áineasa.

*Airteagal 12*

*Teorannú iarracht le haghaidh sól i Mhuir nIocht Thiar*

1. Beidh TAC le haghaidh sól i Muir nIocht Thiar (roinn 7e CITM) faoin bplean ag teacht le teorannú na hiarrachta iascaireachta.

2. Agus na deiseanna iascaireachta á socrú aici, cinnfidh an Chomhairle an líon uasta laethanta ar muir do shoithí atá i Muir nIocht Thiar a úsáideann tráil bhíoma de mhogallmhéid 80 mm nó níos mó agus le haghaidh soithí i Muir nIocht Thiar a úsáideann líonta éighníomhacha de mhogallmhéid 220 mm nó níos lú.

3. Déantar an líon uasta laethanta ar muir dá dtagraítear i mír 2 a choigeartú sa chomhréir chéanna leis an gcoigeartú ar bhásmhaireacht iascaireachta a chomhfhreagraíonn don athrú sna TACanna.

